# Bí Cineálta:

## *Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna*

**Ceardlann ar Líne**

**Éascaitheoirí:**



CC BY NC

# Forléargas

## Sa seisiún seo:

- Cuirfidh muid Bí Cineálta i gcomhthéacs
- Déanfaidh muid machnamh ar chur chuige don oideachas uile maidir le haghaidh a thabhairt ar iompraíocht bhulaíochta agus í a chosc
- Amharcfaidh muid ar an sainmhíniú ar bhulaíocht – an bulaíocht atá ann?
- Fiosróidh muid polasaí agus aguisíní Bí Cineálta
- Tabharfaidh muid soiléiriú ar na ceanglais maidir le haghaidh a thabhairt ar iompraíocht bhulaíochta agus í a thaifeadadh
- Aithneoidh muid straitéisí chun í a chosc laistigh de na Ceithre Phríomhréimse den Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais
- Maoirseacht

# Bí Cineálta a Shuíomh

Oide

2013

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile

An tAcht um Thús Áite do Leanaí (2015)

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)

Na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (2018)

An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 (Dlí Coco)

Tuairisc ar chur chun feidhme gnéithe de bhearta frithbhulaíochta i scoileanna (2022)

Cineáltas: Plean Gníomhaíochta (2022)

Cineáltas: Plean Gníomhaíochta maidir le Plean Forfheidhmithe Bulaíochta 2023-2027 (2023)

Peirspictíochtaí ar Iompar 2023

2024



Ciorclán 55/2024


# Doiciméid Tacaíochta




Eispéireas is ea bulaíocht nár cheart go mbeadh ar leanbh ná ar dhuine óg ar bith cur suas léi. Is féidir léi cur isteach ar rannpháirtíocht sa scoil, féinmhuinín agus mothú féiniúlachta agus muintearais an duine óig.

***Roinn 1.1, Bí Cineálta***

# Nósanna Imeachta - Bí Cíneálta




https://tinyurl.com/5fxvjcsj


# Bí Cineálta: Clár na nÁbhar

**Caibidil 1:** Réamhrá
**Caibidil 2:** Iompraíocht Bhulaíochta
**Caibidil 3:** Tionchar Iompraíochta Bulaíochta
**Caibidil 4:** Polasaí Bí Cineálta na Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus dul i ngleic léi.
**Caibidil 5:** Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc
**Caibidil 6:** Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta
**Caibidil 7:** Maoirseacht/ Aguisíní

**Aguisín A** Polasaí Bí Cineálta Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi
**Aguisín B** Polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do Scoláirí
**Aguisín C** Treoir maidir le dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta
**Aguisín D** Treoir maidir leis an hUasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta a Sholáthar
**Aguisín E** Athbhreithniú ar an bPolasaí Bí Cineálta
**Aguisín F** Fógra faoi athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Pholasaí Bí Cineálta na scoile

# Cur Chuige Oideachais Uile

Oide




*UNESCO (2021)*
*Roinn 1.2, Bí Cineálta*

# Iompraíocht Bhulaíochta



# Sainmhíniú ar Iompraíocht Bhulaíochta

Oide

**Iompar spriocdhírithe** a dhéanann dochar, ar líne nó as líne, is ea bulaíocht. D’fhéadfadh sé gur dochar fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach a bheadh i gceist. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh **thar thréimhse ama** agus bíonn **neamhchothroime cumhachta** i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí.






***Roinn 2.1, Bí Cineálta***

# Cén chaoi a dtarlaíonn Iompar Bulaíochta?

Oide

Is iomaí cruth a d'fhéadfadh a bheith ar iompraíocht bhulaíochta, agus is féidir leo tarlú ar leithligh nó in éineacht le chéile. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach.

| Díreach | Indíreach | Iompraíocht Bhulaíochta ar líne |
|---|---|---|
| Fisiciúil | Eisiamh | |
| Ó bhéal | Caidrimh | |
| I scríbhinn | | |
| Sracadh | | |

Ich. 21

***Roinn 2.5, Bí Cineálta***

# Cineálacha Iompair Bhulaíochta

Tá mórán cineálacha éagsúla d’iompraíocht bhulaíochta ann. D’fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach:

- Bulaíocht mhíchumais
- Bulaíocht mar gheall ar fhéiniúlacht inscne
- Bulaíocht ar dhuine ardchumais
- Bulaíocht homafóbach/ thrasfóbach
- Bulaíocht ar dhuine mar gheall ar c(h)uma fhisiciúil
- Bulaíocht chiníoch
- Bulaíocht bhochtaineachta
- Bulaíocht mar gheall ar fhéiniúlacht reiligiúnach
- Bulaíocht ghnéasaíoch
- Ciapadh gnéasach




lch. 24

*Roinn 2.7, Bí Cineálta*

# Tionchar atá ag iompraíocht bhulaíochta a fhulaingt

Oide

**Maidir le hiompraíocht bhulaíochta:**

- d’fhéadfadh sé go mbeadh tionchar atá dian agus domhain aici orthu sa ghearrthéarma agus san fhadthéarma
- d’fhéadfadh strus, easpa muiníne, náire agus imní scoláirí a bhualadh
- d’fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aici ar a n-eispéiris agus ar a dtorthaí san oideachas
- d’fhéadfaí dochar a dhéanamh d’fhéinmhuinín agus mar thoradh air sin go dtiocfadh meath ar a bhféinmheas
- d’fhéadfadh sé go bhfeicfí athruithe ina meon agus ina gcuid iompraíochta
- d’fhéadfadh drochchásanna d’iompraíocht bhulaíochta cur le deacrachtaí meabhairshláinte

**Cibearbhulaíocht (bulaíocht ar líne):**

- Is minic nach dtugtar faoi deara í mar go bhfuil mórán den ghníomhaíocht ar líne nach dtagann faoi mhaoirseacht daoine fásta
- Agus gur féidir leis an scoláire a léiríonn na iompraíocht a bheith anaithnid a bheag nó a mhór agus go bhféadfadh sé mar gheall air sin nach mbraithfí é/í.
- D’fhéadfadh pobal níos leithne a bheith i gceist léi.
- D’fhéadfadh sé a bheith deacair ráitis nó ábhar gránna a bhaint.

lch. 26

# An áit ar féidir le hlompraíocht Bhulaíochta Tarlú

Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú in áit ar bith, ar líne nó as líne agus ag am ar bith, ach is mó seans go dtarlóidh iompraíocht bhulaíochta ag áiteanna agus amanna ar leith. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach:



**Laistigh den scoil**
- Clós na scoile
- Sa seomra ranga
- Limistéir eile



**Lasmuigh den scoil**
- Ag teacht chuig an scoil agus ag filleadh abhaile
- Clubanna agus grúpaí eagraithe taobh amuigh den scoil



**Cibearbhulaíocht (Ar Líne)**

lch. 23

# Iompraíocht Bhulaíochta Lasmuigh den Scoil

Oide

*Níltear ag súil go ndéileálfaidh scoil le hiompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn nuair nach mbíonn scoláirí faoi chúram nó faoi fhreagracht na scoile. Sa chás go mbíonn tionchar ag an iompraíocht bhulaíochta sin ar scoil, áfach, tá iallach ar scoileanna tacú leis na scoláirí atá i gceist. I gcás go leanann an iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh sa scoil, ba chóir do scoileanna déileáil leis de réir a bpolasaí Bí Cineálta.*







lch. 43

***Roinn 6.2, Bí Cineálta***

# An Bulaíocht atá i gceist?




**Aguisín C, lch 60, Bí Cineálta**

Oide

# Polasaí Bí Cineálta agus Aguisíní



# Polasaí Bí Cineálta – Riachtanais

Oide

| Polasaí Bí Cineálta |
| --- |
| Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a fheidhmiú, ar polasaí é ina leagtar amach an chaoi a gcoisceann pobal na scoile iompraíocht bhulaíochta agus a dtéann sí i ngleic léi. Ba cheart do scoileanna plé a dhéanamh le pobal a scoile chun a bpolasaí a fhorbairt agus a athbhreithniú.<br><br>Ní mór go léireoidh polasaí Bí Cineálta na scoile go soiléir na múinteoirí sa scoil atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta.<br><br>Tá doiciméad teimpléid, in Aguisín A, **nach mór do** gach scoil í a úsáid mar bhonn chun a Polasaí Bí Cineálta a fhorbairt. |

| Polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do Scoláirí |
| --- |
| Ní mór do gach scoil leagan den *Pholasaí Bí Cineálta maidir le hIompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Aghaidh a Thabhairt Uirthi* atá oiriúnach do scoláirí agus sothuigthe a fhorbairt agus a fheidhmiú.<br><br>**Is féidir** le scoileanna an teimpléad polasaí atá sothuigthe ag scoláirí in **Aguisín B** a úsáid mar bhunrud agus é a leasú dá réir. |

Lch. 30 & 31

***Roinn 4.1, 4.2 Bí Cineálta***

# Polasaí Bí Cineálta

## Aguisín A

**Mír A:** Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

**Mír B:** Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

**Mír C:** Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

**Mír D**: Maoirseacht:






# Aghaidh a Thabhairt ar Iompraíocht Bhulaíochta agus í a Thaifeadadh



# Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Oide

**Roinn 6.1** A aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta

**Roinn 6.2** Sa chás gur tharla iompraíocht bhulaíochta

**Roinn 6.3** Iarratais gan aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh

**Roinn 6.4** A chinneadh an bhfuil deireadh leis an hiompraíocht bhulaíochta

**Roinn 6.5** Iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh

**Roinn 6.6** An próiseas gearán



# Bí Cineálta: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Oide

Déan tagairt do bhur bPolasaí Bí Cineálta, Alt 6 agus Treoir Aguisín C

**Tuairiscítear iompraíocht bhulaíochta. Ba chóir don mhúinteoir/do na múinteoirí atá freagrach...**

1. A chinneadh ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta.
2. An iompar bulaíochta a thaifeadadh agus aghaidh a thabhairt air.
3. Athbhreithniú a dhéanamh.
4. A chinneadh an bhfuil deireadh leis an iompar bulaíochta
5. Nuashonrú a dhéanamh ar an iompar bulaíochta.

Ní mór GACH eachtra bulaíochta a chur san áireamh sa nuashonrú ar iompraíocht bhulaíochta.

# Iompraíocht Bhulaíochta a Thaifeadadh

Ba chóir **gach** eachtra iompraíochta bulaíochta a thaifeadadh. Ba chóir go ndéanfadh an taifead doiciméadú a:

| | |
|---|---|
| Foirm na Bulaíochta (Roinn 2.5) | Tuairimí na scoláirí agus a dtuismitheoirí maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta. |
| An Cineál Bulaíochta (Roinn 2.7) | Dáta athbhreithnithe le scoláirí agus a dtuismitheoirí chun a chinneadh an bhfuil deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta agus tuairimí na scoláirí agus a dtuismitheoirí ina leith sin. |
| Cá háit agus cathain a tharla (más eol) | Teagmháil le seirbhísí/ tacaíochtaí seachtracha (más ann dóibh) |
| Dáta na teagmhála tosaigh leis na scoláirí agus a dtuismitheoirí. | |

lch. 45

***Roinn 6.5, Bí Cineálta***

# Nuair atá iompraíocht bhulaíochta ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí

Oide

Go hiondúil, is féidir dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta gan rannpháirtíocht Tusla. Mar sin féin, d’fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta a bheith ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí nuair atá dochar suntasach fisiciúil i gceist léi, nó nuair a thagann sí chun a bheith ina fadhb leantach agus thromchúiseach agus nuair nach raibh na bearta a rinneadh chun dul i ngleic léi go héifeachtach.


Nuair atá cinneadh á dhéanamh faoin uair ba cheart an iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú do Tusla ba cheart na tosca seo a leanas a chur san áireamh:

- an tionchar ar an leanbh
- gníomh cosantach/cuí déanta ag na tuismitheoirí
- gníomh cosantach/cuí déanta ag an scoil
- rannpháirtíocht an linbh/an teaghlaigh le seirbhísí tacaíochta amhail SNSO




***Roinn 2.4, Bí Cineálta***


# Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc






# Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais leagtar síos na phríomhréimse seo a leanas atá thar a bheith riachtanach do chur chuige iomlánaíoch, scoile uile maidir le folláine a chur chun cinn:




## Cad é atá á dhéanamh ag do scoil faoi láthair i ngach príomhréimse chun iompar bulaíochta a chosc?



*RPFCC, 2019*

# Bí Cineálta: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Oide

- 5.5 Iompraíocht Chibearbhulaíochta a Chosc
- 5.6 Iompraíocht bhulaíochta homafóbaí/trasfhóbaí a chosc
- 5.7 Iompraíocht bhulaíochta ciníche a chosc
- 5.8 Iompraíocht bhulaíochta gnéasaí a chosc
- 5.9 Ciapadh gnéasach a chosc

lch. 39-41

Oide

# Maoirseacht




Roinn 7
pg. 50

# Uasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta

Ag **gach** cruinniú den bhord bainistíochta, **ní mór** don phríomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a chur i láthair. Tá treoir in **Aguisín D** maidir le tacaíocht a thabhairt do phríomhoidí ina leith sin.

Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh san uasdátú:

- Líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach
- Líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta atá ag tarlú faoi láthair
- Líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ó thús na scoilbhliana seo

Sa chás gur tuairiscíodh eachtraí iompraíochta bulaíochta ón gcruinniú deireanach, ní mór tuairisc ó bhéal a chur san áireamh san uasdátú

lch. 50

***Roinn 7.1, Bí Cineálta***

# Athbhreithniú Bliantúil

**Ní mór** athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta scoile gach bliain féilire nó chomh luath agus is féidir sa chás go gcinneann an bord bainistíochta go bhfuil athbhreithniú de dhíth.

Ba chóir go ndéanfaí an t-athbhreithniú agus ionchur ó phobal uile na scoile ann:

- *Bord Bainistíochta*
- *Scoláirí*
- *Tuismitheoirí*
- *Baill foirne*

**Ní mór** an teimpléad in **Aguisín E** a chomhlánú lena chinntiú go bhfuil gach gné den athbhreithniú bliantúil comhlánaithe

Ní mór fógra a thabhairt do phobal na scoile go ndearnadh an t-athbhreithniú bliantúil agus **féadfar an fhoirm atá in Aguisín F** a úsáid chun na críche sin. Ba chóir an deimhniú seo a fhoilsiú ar shuíomh idirlín na scoile nuair a chríochnófar an t-athbhreithniú bliantúil.




***Roinn 7.2, Bí Cineálta***

# Tuairisciú Bliantúil chuig an RO

Mar chuid de chur i bhfeidhm Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht tá forbairt bunachair sonraí náisiúnta á chur chun cinn ag an Roinn chun tiomsú sonraí faoi iompraíocht bhulaíochta ar bhealach anaithnidithe a éascú, d'fhonn eolas a chur ar fáil do thuarascáil bhliantúil náisiúnta ar iompraíocht bhulaíochta i scoileanna.

Ní bheidh scoileanna nó scoláirí aonair soaitheanta ón bhfaisnéis seo.

Tá an bunachar sonraí seo i gcéim na forbartha agus cuirfear tuilleadh eolais ar fáil do scoileanna in am trátha.




lch. 51

***Roinn 7.3, Bí Cineálta***

# Na Chéad Chéimeanna Fhéideartha Eile

Oide

- Téigh i gcomhairle le tuismitheoirí, le scolairí agus le pobal scoile i gcoitinne
- Déan Iniúchadh ar Straitéisí Coisccthe
- Forbair Polasaí Bí Cineálta agus Oiriúnach do Scoláirí
- Roinn an Polasaí le Pobal na Scoile
- Ag dul i ngleic leis an bpróiseas athbhreithnithe

Oide